Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2367

26.10.2023

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 41/2023**

**an 17 Márta 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2367]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/923 ón gCoimisiún an 11 Márta 2022 lena gceartaítear an leagan Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1189 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí d'ábhar ilchineálach orgánach ó ghéinis nó speicis ar leith ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Is le reachtaíocht maidir le bia-earraí a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le bia-earraí, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sa réamhrá i gCaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i bpointe 54bi (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1189 ón gCoimisiún) de Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

', arna leasú le:

— **32022 R 0923**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/923 ón gCoimisiún an 11 Márta 2022 (IO L 160, 15.6.2022, lch. 28).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/923 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 18 Márta 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 160, 15.6.2022, lch. 28.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN